Aidhm na Bileoige

Caithfidh tuismitheoirí, daltaí agus an fhoireann fios a bheith acu cad é mar is féidir leo teacht i gcabhair ar a chéile. Leagtar amach sa bhileog seo dóigheanna chun sin a dhéanamh.

Má bhíonn comhoibriú ann idir na tuismitheoirí, na daltaí agus an fhoireann is mó an seans go mbeidh dea-iompar ann.

Ba chóir go gcuideodh an teagmháil rialta idir an scoil agus an baile, mar a leagtar amach sa bhileog seo, le tuismitheoirí, le daltaí agus leis an fhoireann labhairt lena chéile.

Má dhéanann gach páirtí a n-iarrtar orthu, ní cóir fadhbanna droch-iompair bheith ann de ghnáth. Fadhbanna ar bith a tharlaíonn, is cóir iad a réiteach ar bhun cairdis.

Coinnigh i dteagmháil le do scoil ar an dóigh seo

Dea-Iompar ar Scoil

BOLOT - CSCC - RE - BOLB - BOLD - BOLI - BOLOD

Dea-Iompar ar Scoil

Léirítear sa bhileog seo roinnt dóigheanna ar féidir le scoileanna, le tuismitheoirí agus le daltaí cuidiú lena chéile.

'Ní mór scoil dea-riartha a bheith ann i gcóir na dea-fhoghlama agus an dea-theagaisc.'

Chun tacaíocht a thabhairt dá gcuid páistí agus don scoil, ba chóir do thuismitheoirí:

- eolas a chur ar pholasaí na scoile ar chur chun cinn an dea-iompair agus tacaíocht a thabhairt dó
- moladh dá gcuid páistí cloí le rialacha na scoile agus meas a bheith acu ar dhaltaí eile, ar fhoireann agus ar fhearas na scoile
- a dhéanamh cinnte de go mbíonn na riachtanais scoile uile ag na páistí agus go mbíonn a n-obair bhaile déanta acu
- freagra gasta a thabhairt ar aon cheist a ardaítear ag an scoil
- gach iarracht a dhéanamh freastal ar oícheanta na dtuismitheoirí agus ar chruinnithe i dtaca le dul chun cinn agus le slí bheatha an dalta de
- páirt a ghlacadh i saol na scoile
- an meas céanna a mbeadh siad féin ag dúil leis a thabhairt d' fhoireann na scoile
- an scoil a chur ar an eolas láithreach faoi aon chúis imní a bheadh acu i dtaca lena gcuid páistí de

Ar mhaithe le comhoibriú le tuismitheoirí agus le daltaí, tabharfaidh na scoileanna faoi:

- bheith cionmhar, fáiltiúil agus sábháilte
- caitheamh go cothrom le daltaí agus meas a bheith acu orthu
- comhairle a bhfeabhsuithe a thabhairt do dhaltaí
- tacaíocht a thabhairt do dhaltaí má fhulaingíonn siad maistíneacht nó mí-úsáid nó má bhíonn fadhbanna eile acu a imríonn tionchar ar a gcuid oideachais
- na tuismitheoirí a chur ar an eolas i dtaca le haon rud a bhaineann leo nó lena gcuid páistí de
- oibriú i gcomhar leis na tuismitheoirí agus a gcuid polasaithe á gcur i bhfeidhm acu
- ról a thabhairt do thuismitheoirí agus do pháistí agus socruithe tábhachtacha á ndéanamh i dtaca lena gcuid oideachais de
- na tuismitheoirí a chur ar an eolas láithreach i dtaca le haon ábhar imní de
- freagra tuisceanach a thabhairt ar aon chúis imní a luaitear ag tuismitheoirí nó ag daltaí

Chun tairbhe a bhaint as an scoil, ba chóir do dhaltaí:

- teacht chuig an scoil gach lá agus ag an am cheart
- teacht chuig an scoil agus a gcuid riachtanas uile leo agus a n-obair bhaile déanta acu
- rialacha na scoile a fhoghlaim, a thuiscint agus a leanúint
- an méid oibre agus is féidir leo a dhéanamh sna ranganna
- meas a bheith acu ar chearta foghlama na ndaltaí eile agus ar dhualgas teagaisc na múinteoirí
- iad féin a iompar go slán sábháilte le linn sosa agus gan rud ar bith a dhéanamh a chuirfeadh isteach ar nó a dhéanfadh dochar do dhaoine eile
- meas a bheith acu ar dhaltaí eile agus gan a bheith ag maistíneacht orthu
- meas a bheith acu ar fhearas na scoile